



An Bhruiséil, 23 Iúil 2026
(OR. en)

12131/26

DENLEG 81
FOOD 109
SAN 610

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	22 Iúil 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D115270/02
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil hidreacarbón aramatach ola mianraí in earraí bia áirithe.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D115270/02.

Faoi iamh: D115270/02



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
PLAN/2023/2345
(POOL/E2/2023/2345/2345-EN.docx)
D115270/02
[...] (2026) **XXX**

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil
hidreacarbón aramatach ola mianraí in earraí bia áirithe.**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil hidreacarbón aramatach ola mianraí in earraí bia áirithe.

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia¹, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún² leagtar síos uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia.
- (2) Is comhdhúile ceimiceacha iad hidreacarbóin ola mianraí ('MOH') ina bhfuil idir 10 agus 50 adamh carbóin, a dhíorthaítear go príomha ó amhola, ach a tháirgtear go sintéiseach freisin ó ghual, ó ghás nádúrtha agus ó bhithmhais. Is féidir le MOH bia a éilliú ar go leor bealaí, amhail bealaí le haghaidh innealra a úsáidtear le linn buainte agus táirgeadh bia, áiseanna próiseála amhail oibreáin scaoilte nó ceanglóirí deannaigh, breiseáin bhia nó bheatha, ábhair bia-thadhaill nó éilliú comhshaoil. Tá MOH roinnte in dhá phríomhchineál: hidreacarbóin sháithithe ola mianraí ('MOSH') agus hidreacarbóin aramatacha ola mianraí ('MOAH').
- (3) In 2012, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') Tuairim Eolaíoch maidir le hidreacarbóin ola mianraí i mbia³. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an-éagsúlacht ann maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag grúpaí substaintí i measc MOH ar shláinte an duine. Féadfaidh MOAH gníomhú mar charcanaiginí géineatocsaineacha, agus is féidir le MOSH áirithe carnadh i bhfíochán daonna agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héifeachtaí díobhálacha san ae. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur ábhar imní é nochtadh do MOSH agus MOAH ó bhia.
- (4) Chun tuiscint níos fearr a fháil ar láithreachtaí choibhneasta MOSH agus MOAH i dtráchtearraí bia a chuireann go mór le nochtadh cothúcháin, trí bhithin Mholadh (AE)

¹ IO L 37, 13.2.1993, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1993/315/oj>.

² Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj>).

³ Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); Tuairim Eolaíoch maidir le hidreacarbóin ola mianraí i mbia. EFSA Journal [Iris EFSA] 2012;10(6):2704, <https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2012.2704>.

2017/84 ón gCoimisiún⁴, moladh do na Ballstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach oibreoirí gnólachtaí bia chomh maith le monaróirí, próiseálaithe agus dáileoirí ábhar bia-thadhaill agus páirtithe leasmhara eile, faireachán a dhéanamh ar láithreach MOH i mbia agus in ábhair bia-thadhaill. Thairis sin, i gcás ina mbraitear MOH i mbia, moladh gur cheart imscrúduithe a dhéanamh chun foinsí an éillithe a chinneadh agus gur cheart bearta a chur chun feidhme chun cosc a chur ar MOH i mbia.

- (5) Agus na sonraí minicíochta nua a bailíodh tar éis Mholadh (AE) 2017/84 agus faisnéis eolaíoch nua á gcur san áireamh, ghlac an tÚdarás measúnú riosca nuashonraithe ar hidreacarbóin ola mianraí i mbia an 12 Iúil 2023⁵.
- (6) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfadh MOSH carnadh in orgáin éagsúla, ach nach bhfuil an nochtadh cothúcháin reatha do MOSH ina ábhar imní maidir le sláinte an duine i gcás gach aicme aoise. A mhéid a bhaineann le MOAH, tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh baint a bheith ag MOAH ag a bhfuil 3 fháinne aramatacha nó níos mó le géineatocsaineacht agus carcanaigineacht. Mar gheall ar easpa faisnéise tocsaineolaíche maidir le héifeachtaí MOAH ag a bhfuil 1 fháinne aramatach agus 2 fháinne aramatacha, agus mar gheall ar MOAH ag a bhfuil 3 fháinne aramatacha nó níos mó a bheith san aiste bia, d'fhéadfadh an nochtadh do MOAH iomlán a bheith ina riosca do shláinte an duine.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart uasleibhéil le haghaidh MOAH i mbia a leagan síos chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú. Ba cheart feidhm a bheith ag na huasleibhéil sin gan beann ar fhoinsí an éillithe, rud a chiallaíonn gur cheart feidhm a bheith acu maidir le héilliú a bhí in amhábhair nó i gcomhábhair ar dtús nó a tharla le linn an phróisis táirgthe, an iompair agus na pacáistíochta. Áirítear leis sin freisin éilliú bianna mar gheall ar úsáid breiseán bia agus ábhar bia-thadhaill atá údaraithe ach éillithe.
- (8) Ó na sonraí minicíochta agus ó na himscrúduithe i leith na bhfoinsí éillithe bia le MOAH, is léir anois gur féidir tiúchan inchainníochtaithe MOAH a chosc i bhformhór na mbianna. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an bprionsabal 'chomh híseal agus is indéanta le réasún', ba cheart uasleibhéil a shocrú ag an teorainn chainníochtaithe, i gcás inar féidir. Mar sin féin, i gcás bianna a bhfuil sé léirithe ina leith nach féidir tiúchain atá faoi bhun na teorann cainníochtaithe a bhaint amach, fiú agus dea-chleachtais á gcur i bhfeidhm, ba cheart uasleibhéil os cionn na teorann cainníochtaithe a bhunú. I gcás na mbianna sin, chun a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí gnólachta bia iarrachtaí leanúnacha chun bearta maolaithe a shainathint agus a chur chun feidhme chun an t-éilliú a laghdú, ba cheart amlínte soiléire a leagan síos chun na huasleibhéil a íslíú tuilleadh.
- (9) Ós rud é gur léiríodh i staidéir gur teoranta atá aistriú MOAH ó thae tirim agus insiltí luibhe tirime seachas tae ar an toirt nó insiltí luibhe ar an toirt chuig an deoch ghrúdaithe, níor cheart feidhm a bheith ag aon uasleibhéal maidir leis an tae tirim agus na hinsiltí luibhe sin, mura n-úsáidtear iad mar chomhábhar i mbia.
- (10) I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/915, tá feidhm ag na huasleibhéil a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin freisin

⁴ Moladh (AE) 2017/84 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2017 maidir le faireachán a dhéanamh ar hidreacarbóin ola mianraí i mbia agus in ábhair agus in earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 17.1.2017, lch. 95, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2017/84/oj>).

⁵ Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); Tuairim Eolaíoch maidir le nuashonrú ar an measúnú riosca ar hidreacarbóin ola mianraí i mbia. EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(9):8215, <https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2023.8215>.

maidir le bianna triomaithe, caolaithe, próiseáilte agus comhbhianna, agus an fachtóir próiseála iomchuí á chur san áireamh. Agus Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/915 á chur i bhfeidhm chun na huasleibhéil is infheidhme maidir le MOAH a ríomh, d'fhéadfaí uasleibhéil atá faoi bhun na teorann cainníochtaithe a fháil. Sna cásanna sin, ba cheart an t-uasleibhéal is infheidhme a mhéadú go dtí an teorainn chainníochtaithe is féidir a bhaint amach. I gcás tae tirim agus insiltí luibhe tirime seachas tae ar an toirt nó insiltí luibhe ar an toirt, ina n-úsáidtear spíosraí nó luibheanna triomaithe, níor cheart feidhm a bheith ag an uasleibhéal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/915 mura n-úsáidtear an tae nó na hinsiltí luibhe mar chomhábhar i mbia.

- (11) Ós rud é go leagtar síos leis an Rialachán seo uasleibhéil shonracha is infheidhme ón 1 Eanáir 2030 maidir le bianna próiseáilte agus comhbhianna, inar úsáideadh comhábhair a bhfuil uasleibhéal socraithe ina leith, níor cheart feidhm a bheith ag an méadú sin ar an uasleibhéal is infheidhme maidir leis an teorainn chainníochtaithe ach go dtí an 31 Nollaig 2029.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir.
- (13) Agus seilfré fhada earraí bia áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo á cur san áireamh, agus é á chur san áireamh freisin go bhféadfaí iad a phróiseáil ina dtáirgí a bhfuil seilfré fhada acu, ba cheart a cheadú d'earraí bia a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an uasleibhéil fanacht ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éaga.
- (14) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnta chun go bhféadfaidh oibreoirí gnólachta bia iad féin a oiriúnú do na huasleibhéil a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:
 - ‘4. Go dtí an 31 Nollaig 2029, i gcás hidreacarbóin aramatacha ola mianraí (‘MOAH’), agus an t-uasleibhéal is infheidhme á ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:
 - (a) i gcás ina bhfuil an t-uasleibhéal arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi bhun na teorann cainníochtaithe 0,50 mg/kg le haghaidh bianna ina bhfuil cion dearbhaithe saille/ola nó, in éagmais cion dearbhaithe saille/ola, ina bhfuil cion saille/ola arna chinneadh ag an údarás inniúil ar lú é ná 4 %, méadófar an t-uasleibhéal go 0,50 mg/kg;
 - (b) i gcás ina bhfuil an t-uasleibhéal a ríomhtar i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi bhun na teorann cainníochtaithe 1,0 mg/kg le haghaidh bianna ina bhfuil cion dearbhaithe saille/ola nó, in éagmais cion dearbhaithe saille/ola, ina bhfuil cion saille/ola idir 4 % agus 50 % arna chinneadh ag an údarás inniúil, méadófar an t-uasleibhéal go 1,0 mg/kg;
 - (c) i gcás ina bhfuil an t-uasleibhéal arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi bhun na teorann cainníochtaithe 2,0 mg/kg le haghaidh bianna ina bhfuil cion

dearbhaithe saille/ola nó, in éagmais cion dearbhaithe saille/ola, ina bhfuil cion saille/ola arna chinneadh ag an údarás inniúil ar mó é ná 50 %, méadófar an t-uasleibhéal go 2,0 mg/kg;

5. I gcás MOAH i dtae agus insiltí luibhe seachas tae ar an toirt nó insiltí luibhe ar an toirt, ní ríomhfar aon uasleibhéal i gcomhréir leis an airteagal seo, mura n-úsáidtear an tae nó an t-insileadh luibhe mar chomhábhar i mbia.’;
- (2) Leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

‘Féadfar bianna a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh na dátaí dá dtagraítear i bpointe (a) go (u) a choinneáil ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éaga.’;
 - (b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(u) an 1 Eanáir 2027 a mhéid a bhaineann leis na huasleibhéil le haghaidh hidreacarbóin aramatacha ola mianraí a leagtar amach i roinn 5.5 d’Iarscríbhinn I, nó i gcás ina liostaítear dáta sonrach cur i bhfeidhm i roinn 5.5 go dtí an dáta sin.’.
- (3) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN